

UCD
DECADE *of*
CENTENARIES



Comhdháil ar bhunú Stát na hÉireann
COBÁC, 2-3 Nollaig 2022



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



'Designs for the Great Seal of the Irish Free State' cruthaithe le peann agus dúch le Archibald McGoogan in 1923 (UCDA P4/1312 Papers of Hugh Kennedy)

Réamhrá

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath



Is mór an pléisiúr dom é fáilte a chur romhaibh chuig an gcomhdháil seo, atá mar ócáid chinníunach i nDeich mBliana náisiúnta na gCuimhneachán agus san obair atá curtha i gcrích ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath chun comóradh agus iniúchadh a dhéanamh ar na heachtraí stairiúla a mhúnlaigh Éire, an Eoraip agus an domhan níos leithne céad bliain ó shin.

Le deich mbliana anuas, tá iarracht déanta againn in COBÁC cur le plé agus tuiscint náisiúnta ar Dheich mBliana na gCuimhneachán i spiorad na cuimsitheachta, na taiscéalaíochta agus na déine. Léirigh ár dtiomantas ár stair, i bhfianaise thábhacht COBÁC do na himeachtaí a tharla céad bliain ó shin, agus freisin ár láithreachta náisiúnta agus domhanda sa lá atá inniu ann.

Mar Chathaoirleach ar Choiste Dheich mBliana na gCuimhneachán COBÁC ó 2014, bhí lúcháir orm fairsinge agus doimhneacht na rannpháirtíochta ó chomhghleacaithe ar fud na hollscoile a fheiceáil inár ngníomhaíochtaí agus aschuir chomórtha. Ina measc tá dráma a coimisiúnaíodh go speisialta ‘Sínitheoir’ ó go leor de na scríbhneoirí is mó le rá in Éirinn, Cantata ag comóradh an Chogaidh Chathartha, plé poiblí ‘I ndiaidh Impireacht’; le hiarcheannairí idirnáisiúnta, agus go leor saothar agus imeachtaí scolártha den scoth. Tá ár gcomóradh tar éis tarraingt ar na scoláirí is fearr ar domhan laistigh de COBÁC ar stair, ar litríocht, agus ar chultúr na ré atá i gceist agus freisin ar na príomhbhailiúcháin oidhreachtacha cultúrtha i gCartlann COBÁC, Sainbhailiúcháin agus i gCnuasach Bhéaloideas Éireann COBÁC, a chaomhnaíonn foinsí nach bhfuil sárú orthu ann ó na blianta sin agus a chuireann ar fáil do thaighdeoirí agus don phobal iad.

Leis an gcomhdháil seo ar Bhunú an Stáit in Éirinn, tháinig comhghleacaithe agus taighdeoirí ó COBÁC agus níos faide i gcéin le chéile chun bunú stáit a mheas i ngach castacht a bhaineann leis, ó cheisteanna an fhoréigin, na críochdheighilte agus na struchtúir inscne atá fite fuaithe le bunú stáit, go bunú na sraitheanna éagsúla de ghairias stáit a tosaíodh go hoifigiúil in 1922 nó a aistríodh trí phróiseas bunaithe stáit. Tá tábhacht níos leithne ag baint le leanúnachas agus le himeacht nua bhunú an stáit lasmuigh d’Éirinn, agus léirítear é seo inár gclár.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a chuidigh leis an gclár saibhir seo a thabharfadh ábhar machnaimh duit. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán don tacaíocht a thug siad do chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán, agus é mar aidhm againn dioscúrsa poiblí níos leithne a spreagadh agus eolas a scaipeadh ar an imeacht ríthábhachtach seo i stair neamhspleáchais agus státseirbhíse na hÉireann.

An tOllamh Orla Feely: Leasuachtarán COBÁC ar Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar, Cathaoirleach ar Choiste Dheich mBliana na gCuimhneachán COBÁC

Réamhrá

An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán



Is comhdháil faoi leith í seo, a dhéanann plé ar an bpróiseas foirmithe Stáit in Éirinn céad bliain ó shin, chomh maith le forbairt an Stáit le céad bliain anuas a chóradh. Tá lúcháir orm go bhfuil mo Roinn ag tacú leis mar chuid de phríomhimeachtaí chlár Dheich mBlíana na gCuimhneachán 2022.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le COBÁC, comhpháirtí a bhfuil ardmheas air le linn Dheich mBlíana na gCuimhneachán - atá tar éis clár uailmhianach, cuimsitheach, agus tuisceanach a chruthú a thugann spreagadh dúinn ar fad machnamh a dhéanamh ar na himeachtaí a bhaineann le

teacht chun cinn foirmiúil Stát neamhspleách na hÉireann agus ar na daoine a mhúnláigh an próiseas seo. Tá tábhacht faoi leith ag baint le himeachtaí cosúil leis an gcomhdháil seo, chun comhrá náisiúnta ar thionchar agus oidhreacht na tréimhse seo a spreagadh agus a chothú, a théann i bhfeidhm ar scoláirí agus luchtanna spéise sa bhaile agus ar fud na cruinne.

Bhí fócas leathan i gcónaí ag Clár Dheich mBlíana na gCuimhneachán, ag glacadh le hoidhreacht phianmhar ár staire agus ag tabhairt aitheantais do na buanna móra daonlathacha i mbunú na struchtúr nua parlaiminte agus riaracháin a bhí mar bhonn eolais do bhlianta tosaigh an Stáit. Thug treoirphrionsabail agus comhairle thomhaiste an tSainghrúpa Chomhairligh ar Chomóradh Céad Bliain, a bhfuil an Dr Maurice Manning ina chathaoirleach air, creat an-tábhachtach agus tacúil don Rialtas agus go deimhin, do gach duine a bhfuil baint acu le cuimhneachán, go háirithe le linn na céime deiridh íogair agus casta seo de Dheich mBlíana na gCuimhneachán. Ba fhóram fiúntach é cuidiú an Ghrúpa Comhairliúcháin Uile-Pháirtí chun rannpháirtíocht agus smaointe a spreagadh.

Is linne ar fad stair na tréimhse barrthábhachtaí seo agus tugann an chomhdháil seo deis dúinn machnamh agus iniúchadh a dhéanamh ar ár n-aistear ó na blianta sin a chuaigh i bhfeidhm orainn chomh mór sin. Cuireann sé fóram tábhachtach ar fáil chun gach gné den tréimhse seo a nochtadh agus inscrúdú agus díospóireacht a dhéanamh air, atá tumtha in anailís fhriciúil agus fianaise foinsí príomhúla. Tá neart le foghlaim againn ó na himeachtaí seo. Ní mór dúinn féachaint chun cinn ar na luachanna ba mhaith linn a chaomhnú do na glúnta atá le teacht.

Catherine Martin T.D.

An tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Lá 1

Halla Uí Raghallaigh COBÁC Dé hAoine 2 Nollaig 2022

09:20-09:30

Fáilte agus intreoir na comhdhála

Uachtarán Gníomhach COBÁC an tOllamh Mark Rogers

09:30-10:00

Spreagaitheasc

An Taoiseach Micheál Martin T.D.

10:00-10:15

Machnamh a dhéanamh ar Dheich mBlíana na gCuimhneachán de chuid COBÁC

Leasuachtarán COBÁC ar Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar, an tOllamh Orla Feely:
Cathaoirleach ar Choiste Dheich mBlíana na gCuimhneachán COBÁC

Briseadh, 10:15-10:45

10:45-12:00

Painéal 1: Ceannas, Saoránaigh agus an Stát

Páipéar 1: An Dr Thomas Mohr (Scoil Dlí Sutherland COBÁC), 'Bunreacht 1922 agus Bunú Stát na hÉireann'

Páipéar 2: An tOllamh Linda Connolly (Scoil na Socheolaíochta, Ollscoil Mhaigh Nuad)
"Aon fhear a dhéanann díoltas ar dheirfiúr, ní mórán é": tionchar an chogaidh chathartha in Éirinn ar mhná a mheas'

Páipéar 3: An tOllamh Eugenio Biagini (Ollscoil Cambridge, Stair) 'Ceannas náisiúnta agus eispéiris mhionlaigh in Éirinn neamhspleách'

Cathaoirleach: An tOllamh Robert Gerwarth (Scoil na Staire COBÁC)

Briseadh lóin, 12:00-13:00

13:00-14:15

Painéal 2: Ag bunú an Stáit: Gnéithe Seachtracha

Páipéar 1: An tOllamh Margaret O'Callaghan (Scoil na Staire, na hAntraípeolaíochta, na Fealsúnachta agus na Polaitíochta, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste), 'James Craig agus daingniú Thuaisceart Éireann i 1922'

Lá 1

Painéal 2 (ar lean): Ag bunú an Stáit: Gnéithe Seachtracha

Páipéar 2: Ambasadóir Gerard Keown (Ionadaí Buan na hÉireann ar ECFE agus UNESCO), 'An chruit i gceolfhoireann na náisiún: céimeanna luatha ar stáitse an domhain'

Páipéar 3: Ambasadóir Lahnalampi (Ambasadóir na Fionlainne d'Éirinn), 'Stair na Fionlainne: machnamh ar an náisiúnachas, ar bheartas eachtrach agus slándála, agus cosúlachtaí agus difríochtaí le hÉirinn'

Cathaoirleach: An tOllamh Emeritus John Coakley (Institiúid Geary COBÁC ar Pholasáí Poiblí)

Briseadh, 14:15-14:30

14:30-15:45

Painéal 3: Institiúidí an Stáit

Páipéar 1: An tOllamh Taca John FitzGerald (An Roinn Eacnamaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i gcomhar leis an Dr Seán Kenny, Coláiste na hOllscoile Corcaigh), 'Geilleagar nua a bhainistiú: Éire 1922-1945'

Páipéar 2: An Dr Aodh Quinlivan (An Roinn Rialtais agus Polaitíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), 'Réabhlóidithe bréagchráifeacha agus tóraíocht ar an rialtas áitiúil a dhípholaitiú'

Páipéar 3: An Dr Martin Maguire (Institiúid Geary COBÁC ar Pholasáí Poiblí) 'Tógáil an Stáit agus na státseirbhíse, 1922: cúlú ón réabhlóid.'

Cathaoirleach: An tOllamh Niamh Hardiman (Scoil na Polaitíochta agus Caidrimh Idirnáisiúnta COBÁC)

Briseadh, 15:45-16:00

16:00-17:00

Painéal 4: Riail, Reacht agus Dlíthiúlacht - Na Cúirteanna agus Cumhachtaí Éigeandála

Páipéar 1: An Breitheamh Gerard Hogan (An Chúirt Uachtarach) 'Dlíthiúlacht an Chogaidh Chathartha agus a impleachtaí do Bhunreachtanna 1922 agus 1937'

Páipéar 2: An Dr Bláthna Ruane S.C., 'Córas nua na gcúirteanna a chruthú: mianta, srianta agus pragmatachas'

Cathaoirleach: An tOllamh Imelda Maher (Scoil Dlí Sutherland COBÁC)

17:00-17:10

Ráiteas clabhsúir lá 1: An Dr Conor Mulvagh (Scoil na Staire COBÁC)

Lá 2

Seomra Díospóireachta Mhic Gearailt COBÁC Dé Sathairn, 3 Nollaig 2022

09:30-09:40

Lá 2 focail oscailte: An Dochtúir Maurice Manning, Seansailéir Ollscoil na hÉireann, Ceann ar an Sainghrúpa Comhairleach ar Chuimneacháin Chéad Bliain.

09:40-11:00

Painéal 1: 'Lámh sa stát': Leas, Sláinte agus Inscne

Páipéar 1: An tOllamh Emeritus Mary E. Daly (Scoil na Staire COBÁC), 'Gan talamh geallta': sláinte agus leas i mblianta tosaigh Shaorstát Éireann'

Páipéar 2: An Dr Mary McAuliffe (Stiúrthóir Léann Inscní, Scoil Pholasaí Sóisialta, Obair Shóisialta agus Cóir Shóisialta), 'Ní sa ghnáthshaol; iarshaolta polaitiúla na mban réabhlóideacha'

Páipéar 3: An Dr Joseph Brady (Scoil na Tíreolaíochta COBÁC), 'Tús nua? Ag déileáil le géarchéim tithíochta Bhaile Átha Cliath sna 1920idí'

Cathaoirleach: An Dr Conor Mulvagh (Scoil na Staire COBÁC)

Briseadh, 11:00-11:15

11:15-12:30

Painéal 2: An Ghaeilge: Struchtúir oifigiúla agus pobail i mbunú Stát na hÉireann

Cuirfear cainteanna agus plé an phainéil seo i láthair trí mheán na Gaeilge. Cuirfear aistriúchán comhuaineach ar fáil. Le tacaíocht ó Foras na Gaeilge.

Páipéar 1: An tOllamh Taca Cathal Goan (Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, COBÁC), 'Féiniúlacht, fíis agus freagracht'

Páipéar 2: An Dr Ríona Nic Congáil (Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, COBÁC), "Mianach Náisiúnta a Neartú": An Ghaeilge agus córas oideachais an tSaorstáit'

Páipéar 3: An Dr Pádraig Breandán Ó Laighin (Scoil na Socheolaíochta, COBÁC), 'Pobal na Gaeilge tráth bunaithe an Stáit'

Cathaoirleach:

An tOllamh Sinsearach agus Cathaoir na Nua-Ghaeilge
Regina Uí Chollatáin, Príomhoifigeach agus Déan,
Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí, COBÁC

Le tacaíocht ó



Foras na Gaeilge

Lá 2

Briseadh Ióin, 12:30-13:30

13:30-14:45

Painéal 3: 'Gníomhaithe cobhsaíochta': Struchtúir Shóisialta in Éirinn **Neamhspleách**

Páipéar 1: An Dr Daithí Ó Corráin (Scoil na Staire & Tíreolaíochta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath), 'Cónascadh an chreidimh, an athartha agus féinleasa: caidreamh idir an eaglais agus an stát ag breith Shaorstát Éireann'

Páipéar 2: An tOllamh Lindsey Earner-Byrne (Scoil na Staire, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh), 'Teaghlach agus leochaileacht i Saorstát Éireann'

Páipéar 3: An tOllamh Paul Rouse, (Scoil na Staire COBÁC), 'Talamh agus radacachas'

Cathaoirleach: Daniel McConnell (Eagarthóir Polaitíochta, *Irish Examiner*)

Briseadh, 14:45-15:00

15:00-16:00

Plé comhchéime: Meon chomóradh céad bliana - ag féachaint siar ar chéad bliain de státacht

Cathaoirleach: An Dr David McCullagh (RTÉ)

An tOllamh Marie Coleman (An tOllamh ar Stair an Fhichiú hAois, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)

An tOllamh Diarmaid Ferriter (Cathaoirleach ar Nua-Stair na hÉireann, Scoil na Staire COBÁC)

An tOllamh Emeritus Brigid Laffan (Institiúid na hOllscoile Eorpaigh)

16:00-16:15

Focail Scoir: An Dr Conor Mulvagh (Scoil na Staire COBÁC)

Beathaisnéisí na gcainteoirí



An Dr Thomas Mohr, Scoil Dlí Sutherland COBÁC

Is Ollamh Comhlach é Thomas Mohr i Scoil Dlí Sutherland COBÁC. Is leasuachtarán é ar Chumann Staire Dlí na hÉireann agus is léirmheastóir leabhair é leis an *Irish Jurist*, an iris dhlí is sinne in Éirinn. Cuimsíonn a chuid foilseachán réimse leathan i Stair dhlí na hÉireann ó dhlí Gaelach na meán-aoise go dlí Stát Neamhspleách na hÉireann san fhichiú haois. Is é an leabhar is déanaí uaidh ná *Guardian of the Treaty – The Privy Council Appeal and Irish Sovereignty* (Four Courts Press, 2016). Tá 'Law and the Foundation of the Irish State on 6 December 1922' (2018) foilsithe aige freisin.



An tOllamh Linda Connolly, Scoil na Socheolaíochta, Ollscoil Mhaigh Nuad

Is lán-ollamh sa tsocheolaíocht í Linda Connolly chomh maith le stiúrthóir Institiúid na n-eolaíochtaí sóisialta in Ollscoil Mhaigh Nuad. Ba í an scoláire cuartaíochta san Ionad Léann Inscne in Ollscoil Cambridge le linn an Téarma Carghais 2022. I measc na spéiseanna taighde atá aici tá feimineachas, inscne, teaghlach, coinbhleacht, foréigean inscne, cogaí, imirce, agus an Léann Éireannach. Is údar í ar go leor ábhar a foilsíodh le déanaí ar an bhforéigean ar bhonn inscne a d'fhulaing mná na hÉireann le linn réabhlóid na hÉireann (1919-23) agus bhí sí mar stiúrthóir ar an togra maoinithe ag Comhairle Taighde na hÉireann 'Women and the Irish Revolution'. Tá roinnt leabhar foilsithe aici, ar nós, *The Irish Women's Movement: From Revolution to Devolution* (London and New York: Palgrave/Macmillan, 2003), *Documenting Irish Feminisms: the Second Wave* (le Tina O'Toole, athfhoilsithe in 2020, Gaillimh, Arlen Press), *Social Movements and Ireland* (le Niamh Hourigan, Manchain: Manchester University Press, 2006), *The Irish Family* (Londain: Routledge, 2014), agus *Women and the Irish Revolution: Feminism, Activism, Violence* (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2020).

Beathaisnéis na gcainteoirí



An tOllamh Eugenio Biagini, Ollscoil Cambridge, Stair

Mar alumnas de Scuola Normale Superiore di Pisa, tháinig Eugenio Biagini go Cambridge (ag Sidney Sussex) don chéad uair in 1985, sular ceapadh ina Chomhalta Taighde Sóisearach é ag Churchill College in 1987. Tar éis dhá bhliain a chaitheamh i Roinn na Staire, Newcastle-upon-Tyne, thosaigh sé ag obair mar Ollamh Cúnta ar Nua-Stair na Breataine ag Princeton. In 1996, d'fhill sé ar Cambridge mar Léachtóir Coláiste ag Robinson College. I ndiaidh sin in 1998 thosaigh sé ag obair mar Léachtóir Ollscoile agus mar Léachtóir i 2000. In 2008, bhog sé ar ais go dtí a shean-choláiste, Sidney Sussex. In 2011, ceapadh é ina chathaoirleach pearsanta agus is Ollamh anois é sa Nua-Stair agus Stair Chomhaimseartha. Díríonn a chuid taighde ar stair shóisialta, eacnamaíoch agus pholaitiúil an daonlathais. Tá leabhair scríofa aige ar liobrálachas Gladstonach agus ar an Risorgimento Iodálach, ach is í Éire a phríomhábhar taighde. Rinne a leabhar *British Democracy and Irish Nationalism, 1876-1906* (2007) imscrúdú ar an tionchar a bhí ag feachtais Rialtas Dúchais ar bhunú an daonlathais ar an dá oileán. I measc a chuid foilseachán eile tá *Storia dell'Irlanda dal 1845 a oggi* (Bologna, 2014), *The Shaping of Modern Ireland* (le Dan Mulhall, 2016), *The Cambridge Social History of Ireland since 1740* (le Mary E. Daly, 2017). Díríonn a leabhar atá ag teacht go luath *The Minority Mind: Jews and Protestants in Catholic Ireland, 1912-1968* ar stair na mionlach reiligiúnach agus eitneach in Éirinn san fhichiú haois, trí mheasúnú comparáideach. Diríonn sé ar an dúshlán a bhaineann le tógáil náisiúin, le hathshainiú 'leas an phobail', saoirs sibhialta agus 'an bunreacht' i sochaithe atá roinnte go domhain.



An tOllamh Robert Gerwarth, Scoil na Staire COBÁC

Is Ollamh sa Nua-Stair é Robert Gerwarth ag Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, chomh maith le stiúrthóir Ionad an Léinn Cogaidh COBÁC. Is údar agus/nó eagarthóir é ar dheich leabhar a dhíríonn ar stair an fhoréigin pholaitiúil san Eoraip fichiú haois. Is iad na foilseacháin is déanaí uaidh *The Vanquished: Why the Great War Failed to End, 1917-23* (Penguin, 2016) agus *1918: The German Revolution* (Oxford University Press, 2018). Is ball tofa é d'Acadamh Ríoga na hÉireann agus den Academia Europaea. Ó 1 Meán Fómhair 2022, is é an Príomhthaighdeoir ar ard-deontas ERC a dhéanann cíoradh ar stair chasta Chogadh na gCarad san Eoraip idir 1917 go 1949.



An tOllamh Margaret O'Callaghan, Scoil na Staire, na hAntraipeolaíochta, na Fealsúnachta agus na Polaitíochta, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Is ollamh é Margaret O'Callaghan MA (NUI) PhD (Cambridge) ar Nua-Stair agus Polaitíocht na hÉireann Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, larscoláire Taighde Laski ag St John's College Cambridge agus larchomhaltá Sidney Sussex College, mhúin sí ag Ollscoileanna Cambridge agus Notre Dame. Tá go leor leabhar scríofa aici ar fhéiniúlacht na hÉireann sa Saorstát, staid na mban in Éirinn neamhspleách, gnéithe d'ardpholaitíocht na Breataine agus fearas stáit in Éirinn ó dhéanach sa naoú haois déag go dtí an réabhlóid, ina measc *British High Politics and a Nationalist Ireland, Criminality, Land and the Law under Forster and Balfour*. Tá ábhar scríofa aici ar Chonstáblacht Ríoga na hÉireann, ar an nginealach agus ardpholaitíocht a bhaineann le críochdheighilt, agus ar Choimisiún na Teorann 1925. Tá ailt scríofa aici chomh maith ar mheáin na bhFíníní imeallacha, gairmeacha beatha Richard Pigott agus Tom Kettle, Béal Feirste sna 1960idí agus 70idí agus ar Ian Paisley agus Constáblacht Ríoga Uladh. Bhí sí mar chomheagrathóir, le Mary E. Daly, ar *1916 in 1966: Commemorating the Easter Rising* (Royal Irish Academy, 2007). Baineann a cuid foilseachán is déanaí le comóradh Éirí Amach 1916 san 1970idí ar Roger Casement agus an Chéad Chogadh Domhanda, agus ar dhírbheathaisnéis pholaitiúil bhaineann. Tá sí ag scríobh leabhair faoi láthair ar Alice Stopford Green agus a ciorcail agus tá sí ag déanamh taighde ar fhreagra James Craig ar Chonradh na hÉireann.

Beathaisnéisí na gcainteoirí



Ambasadóir Gerard Keown, Ionadaí buan na hÉireann ar ECFE agus UNESCO)

Is státseirbhíseach é Gerard Keown lonnaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha. Is Ionadaí Buan é faoi láthair ar an ECFE agus UNESCO. Roimhe sin bhí sé ina Stiúrthóir ar na NA, d'oibrigh sé sa Roinn Airgeadais, agus bhí sé ina ambasadóir chun na Polainne. Is é údar an leabhair *First of the Small Nations: the beginnings of Irish foreign policy* (Oxford University Press, 2016).



Ambasadóir Railil Lahnalampi, Ambasadóir na Fionlainne d'Éirinn

Bhí Railil Lahnalampi mar Cheann Comh-Aireachta don Aire Gnóthaí Eachtracha in 2015-2019. Bhí sí freagrach as an mbeartas eachtrach agus slándála agus as an gcaidreamh le haireachtaí eile, riarachán stáit agus ionadaithe ó thíortha eile.


Bhí cúpla post idirnáisiúnta éagsúil ag Railil Lahnalampi agus tá cúla láidir aici i bpolasaí eachtrach agus slándála. Sular ainmníodh í mar Cheann Comh-Aireachta, d'oibrigh Railil Lahnalampi mar abhcóide ar choiste ghnóthaí eachtracha Pharlaimint na Fionlainne. Chuaigh sí le gairm bheatha taidhleoireachta ag aireacht na nGnóthaí Eachtracha agus d'oibrigh sí mar chomhairleoir d'Ard-Rúnaí an ECFE agus d'Uachtarán Chomhthionól Ginearálta na NA H.E. Harri Holkeri.

Tar éis di céim a bhaint amach ó Scoil Dlí Ollscoil Turku (LL.M) lean Lahnalampi dá cuid staidéir agus bhain sí dioplóma amach i lánpháirtiú Eorpach ó Ollscoil Saarland agus rinne sí staidéar ar dhlí idirnáisiúnta agus cearta daonna ag Scoil Dlí Ollscoil Notre Dame.



An tOllamh Emeritus John Coakley, Institiúid Geary COBÁC ar Pholasáí Poiblí

Is comhalta é John Coakley, MRIA, d'Institiúid Geary COBÁC ar Pholasáí Poiblí agus Ollamh Polaitíochta Emeritus ag COBÁC. Is iar-Ard-Rúnaí é ar an gCumann Idirnáisiúnta um Eolaíocht Pholaitiúil agus bhí sé ina Stiúrthóir bunaidh ar Institiúid COBÁC don Léann Briotanach-Éireannach. I measc a chuid foilseachán is déanaí tá *Nationalism, Ethnicity and State* (Sage, 2012), *Reforming Political Institutions: Ireland in Comparative Perspective* (IPA, 2013), *The Irish Presidency* (comheag, Irish Academic Press, 2014), *Non-Territorial Autonomy in Divided Societies* (curtha in eagar, Routledge, 2017), *Politics in the Republic of Ireland*, (comheag, Routledge, 2018) agus *Negotiating a Settlement in Northern Ireland, 1969-2019* (comhscríofa, Oxford University Press, 2020)



An tOllamh Taca John FitzGerald, An Roinn Eacnamaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Is comhalta oinigh agus Ollamh Taca san Eacnamaíocht é John FitzGerald i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Cleamhnaí Taighde ag an Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta, chomh maith le ball d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhí sé ina bhall de Choimisiún Bhanc Ceannais na hÉireann ó 2010 go 2020 agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Chomhairle Chomhairleach Rialtas na hÉireann ar Athrú Aeráide go dtí Eanáir 2021. Tá go leor foilsithe aige ar mhaicreacnamaíocht gheilleagair na hÉireann agus na hEorpa, agus ar eacnamaíocht fuinnimh agus comhshaoil.



An Dr Aodh Quinlivan, Roinn Rialtais agus Polaitíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Is léachtóir é Aodh Quinlivan sa Roinn Rialtais agus Polaitíochta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, mar a bhfuil sé ina stiúrthóir ar an ionad rialaithe áitiúil agus réigiúnach (CLRG). Is údar é ar ocht leabhair ar ghnéithe difriúla den rialtas áitiúil, insíonn an ceann is déanaí acu, *Vindicating Dublin* (Four Courts Press, 2021), scéal dhíscailleadh Bhardas Bhaile Átha Cliath in 1924. Is saineolaí Aodh ar rialtas áitiúil agus is ball é den Sainghrúpa Comhairleach a thacaíonn le Tionól Saoránach Bhaile Átha Cliath

Beathaisnéisí na gcainteoirí



An Dr Martin Maguire Institiúid Geary COBÁC ar Pholasáí Poiblí

Is Taighdeoir cuartaíochta é an Dr Martin Maguire faoi láthair ag Institiúid Geary COBÁC ar Pholasáí Poiblí. Tá foilseacháin chuimsitheacha aige ar stair cheardchumannachas trádála na státseirbhíse in Éirinn. Tá a leabhar ar thaithí na státseirbhíse ar athrú réabhlóideach, *The Civil Service and the Revolution in Ireland, 1912-38 "Shaking the blood-stained hand of Mr Collins"*, foilsithe ag Manchester University Press. Tá sé coimisiúnaithe faoi láthair chun stair cheardchumainn na státseirbhíse a scríobh; Aontas IMPACT, Aontas na Seirbhísí Sibhialta agus Poiblí agus Aontas Feidhmiúcháin na Seirbhíse Poiblí; atá go léir cumaisithe anois le Ceardchumann Fhórsa.



An tOllamh Niamh Hardiman, Scoil na Polaitíochta agus Caidrimh Idirnáisiúnta COBÁC

Múineann Niamh Hardiman faoi láthair i Scoil na Polaitíochta agus Caidrimh Idirnáisiúnta COBÁC; agus bhí sí mar stiúthóir ar Chlár Pholasáí Poiblí COBÁC go dtí le gairid. Tá go leor foilsithe aici ar na himpleachtaí a bhaineann le cumraíochtaí institiúideacha do rogha beartais, agus ar éagsúlacht na gconairí forbartha i stáit imeall na hEorpa. Bhí sí mar chomheagarthóir (i gcomhar le David Farrell) ar *The Oxford Handbook of Irish Politics* (OUP, 2021). Chuir sí tús le bunachar riaracháin stáit COBÁC d'Institiúid Geary COBÁC ar Pholasáí Poiblí agus tá sí fós mar stiúthóir air, atá ina bhunachar sonraí inchuadaithe ar institiúidí stáit in Éirinn ó bunaíodh an Stát, www.isad.ie.



An Breitheamh Gerard Hogan, an Chúirt Uachtarach

Is breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí é Gerard Hogan. Is é údar an leabhair *Origins of the Irish Constitution 1928-1941* agus comhúdar (i gcomhar le Gerry Whyte, David Kenny agus Rachael Walsh) ar an eagrán is déanaí de *Kelly, The Irish Constitution* (5ú heagrán, 2018).



Dr Bláthna Ruane S.C.

Is Abhcóide Sinsearach í an Dr Bláthna Ruane, a bhfuil go leor scríofa aici ar an mBunreacht, ar an rialtas agus ar stair an bhunreacht. Is Ollamh Taca sa Dlí í i Scoil Dlí Sutherland COBÁC.



An tOllamh Imelda Maher Scoil Dlí Sutherland COBÁC

Is iar-Dhéan Dlí í an tOllamh Imelda Maher, MRIA, atá ina saineolaí ar dhlí agus rialú san Aontas Eorpach. Sa chéad leath den bhliain, bhí sí mar chomhalta domhanda sinsearach Emile Noel ag Ollscoil Nua Eabhrac, áit inar thosaigh sí a cuid oibre ar dhlí agus dóchas, chomh maith le críoch a chur le staidéar ar chur i bhfeidhm dhlí an AE sna cúirteanna Éireannacha. Mar bhinseoir oinigh ar an Teampall Láir, bhí sí mar Rúnaí Litríochtaí Nósmhara agus Seandachtaí Acadamh Ríoga na hÉireann agus is iar-Uachtarán í ar Chumann na Scoláirí Dlí san RA agus in Éirinn.



An Dr Conor Mulvagh, Scoil na Staire COBÁC

Is Ollamh Comhlach é Conor Mulvagh le Nua-Stair na hÉireann i Scoil na Staire COBÁC, le freagracht faoi leith as Deich mBlíana na gCuimhneachán (2013-23). Díríonn a chuid taighde den chuid is mó ar stair pholaitíochta na hÉireann agus na Breataine ó na 1870idí go dtí na 1920idí. Díríonn a chuid taighde reatha ar staidéar comparáideach ar dheighiltí. Scríobh sé an leabhar *Irish Days, Indian Memories: V. V. Giri and Indian Law Students at University College Dublin, 1913-1916* (Irish Academic Press, 2016); *The Irish Parliamentary Party at Westminster, 1900- 18* (Manchester University Press, 2016); agus is comheagarthóir é le Emer Purcell ar *Eoin MacNeill: the pen and the sword* (Cork University Press, 2022).

Beathaisnéisí na gcainteoirí



An Dr Maurice Manning, Seansailéir, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann

Toghadh an Dr Maurice Manning mar Sheansailéir ar Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar an 12 Márta 2009. Is é an Dr Manning an cúigiú Seansailéir a bhí ag an Ollscoil ó bunaíodh í in 1908. Chaith sé tréimhse ar Údarás Rialaithe COBÁC ó 1979 go 2008; chaith sé go leor dá shaol acadúil i Roinn na Polaitíochta i COBÁC áit ar bhain sé cáil amach mar gheall ar a theagasc, a ghaireacht do mhic léinn agus a chuid foilseachán. Tá a chuid oibre foilsithe go forleathan agus is Ollamh Taca é faoi láthair i Scoil na Polaitíochta agus Caidrimh Idirnáisiúnta i COBÁC. Is cathaoirleach é faoi láthair freisin ar Choiste Foilsithe an Fhorais Riaracháin. Tá seirbhís tugtha ag an Dr Manning sa Dáil agus i Seanad Éireann araon. Le linn na tréimhse seo bhí sé ina bhall de Fhóram Nua-Éireann, agus Comhlacht Idirpharlaiminteach na Breataine-na hÉireann. Bhí sé ina cheannaire ar Sheanad Éireann agus ina Cheannaire ar an bhFreasúra sa Teach sin araon. Bhí Maurice Manning ina Uachtarán freisin ar Choimisiún na hÉireann um Chearta Daonna agus bhí sé ina Chathaoirleach ar Ghrúpa Eorpach na n-Institiúidí Náisiúnta um Chearta Daonna.



An tOllamh Emeritus Mary E. Daly, Scoil na Staire COBÁC

Is Ollamh Emeritus Staire í Mary E. Daly MRIA, MAE i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bhí sí mar Uachtarán ar Acadamh Ríoga na hÉireann ó 2014-17. Is céimí de chuid COBÁC agus Oxford í, agus bhronn Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Ollscoil na hÉireann dochtúireacht oinigh uirthi. In 2017, toghadh í mar bhall den Academia Europaea, agus bronnadh bonn óir Acadamh Ríoga na hÉireann uirthi sna daonnachtaí in 2020. Feidhmíonn sí mar bhall den Shainghrúpa Comhairleach Rialtas na hÉireann ar Dheich mBlíana na gCuimhneachán. Tá sí mar údar aonair ar 11 leabhar agus tá sí mar chomhúdar nó comheagarthóir ar 9 leabhair ar ghnéithe de Stair na hÉireann sa Nua-Aois. Foilseoidh Cambridge University Press a céad leabhar eile *The Battle to Control Female Fertility in Modern Ireland* sa bhliain 2023.



An Dr Mary McAuliffe, Stiúrthóir ar Léann Inscne, Scoil Pholasáí Sóisialta, Obair Shóisialta agus Cóir Shóisialta COBÁC

Is staraí agus Stiúrthóir ar an gClár Staidéir Inscne i COBÁC í Mary McAuliffe agus tá PhD aici ó Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. I measc a cuid foilseachán is déanaí tá sí ina comheagarthóir le Miriam Haughton agus Emilie Pine, ar *Legacies of the Magdalen Laundries; Commemoration, Gender, and the Postcolonial Carceral State* (Manchester University Press, 2021) agus mar údar aonair, *Margaret Skinnider; a biography* (COBÁC Press, 2020). Bhí sí mar chomheagarthóir freisin ar *Sexual Politics in Modern Ireland*. Bhí sí mar chomheagarthóir ar *Saothar; the Journal of the Irish Labour History Society* ó 2016-2022. Faoi láthair tá sí ag obair ar mhórtionscadal taighde ar fhoréigean inscne agus gnéasach le linn thréimhse réabhlóideach na hÉireann, 1919-1923, le foilsiú go déanach in 2023. Is iar-Uachtarán í ar Chumann na hÉireann um Stair na mBan agus is ball reatha é don bhord NFX (Cónaidhm Náisiúnta Leispiach agus Aerach na hÉireann) agus is ball í d'Institiúid na ndaonnachtaí COBÁC.



An Dr Joseph Brady, Scoil na Tíreolaíochta COBÁC

Is tíreolaí uirbeach é Joseph Brady a bhfuil éagsúlacht spéise aige a bhaineann le fás agus forbairt na gcathracha. Tá líne fiosrúcháin amháin dírithe ar na hiarrachtaí a rinneadh leis na cianta chun cathracha idéalacha a chruthú; cathracha a bhí oiriúnach do riachtanais a n-áitritheoirí. Baineann ceann eile le cartagrafaíocht uirbeach agus léiriú cathracha ar léarscáileanna. Le tamall anuas, tá cuid mhaith ama caite aige ag féachaint ar fhorbairt Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh air seo tá ocht leabhar foilsithe aige faoin teideal ginearálta *The Making of Dublin City*. Díróinn an foilseachán is déanaí uaidh *Building Healthy Homes* ar iarrachtaí luatha Bhardas Bhaile Átha Cliath tithíocht shóisialta mhaith a thógáil.

Beathaisnéisí na gcainteoirí



An tOllamh Taca Cathal Goan, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis COBÁC

Rugadh Cathal Goan i mBéal Feirste. Bhronn Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath céim sa Léann Ceilteach air in 1975. I ndiaidh dhá bhliain a chaitheamh mar scoláire iarchéime i Roinn Bhéaloidas Éireann san Ollscoil sin, thosaigh a shaol oibre in RTÉ mar chartlannaí agus ina dhiaidh sin arís mar léiritheoir raidió agus mar léiritheoir/stiúrthóir teilifíse. Bhí sé ina cheann roinne ar chlárí Ghaeilge RTÉ sular ceapadh ina chéad Cheannasaí ar Theilifís na Gaeilge (TG4) é i 1994. Ainmníodh é ina Bhainisteoir Stiúrtha Teilifíse in RTÉ i 2000 agus i 2003 roghnaíodh mar Phríomhstiúrthóir ar RTÉ é, post ar fhan sé ann ar feadh seacht mbliana.



An Dr Riona Nic Congáil, Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis COBÁC

Is Ollamh Comhlach í Riona Nic Congáil i Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá spéis ar leith aici in Athbheochan na Gaeilge, stair na mban agus léann na hóige. Tá cuid mhór aistí agus leabhar foilsithe aici ar na hábhair sin, *An Óige & An Athbheochan* (2022) ina measc. Bronnadh gradaim éagsúla ar a cuid scríbhneoireachta, chomh maith le neart sparánachtaí taighde. Is í an Príomhthaighdeoir ar an togra 'Youth Engagement in European Language Preservation, 1900-2020', maoinithe ag an ERC.



An Dr Pádraig Breandán Ó Laighin, Scoil na Socheolaíochta COBÁC

Tá MA sa tSíceolaíocht (Ollscoil McGill, Montréal) agus PhD sa tSocheolaíocht (an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) ag Pádraig B. Ó Laighin, móide cáilíochtaí eile oideachais, múinteoireachta, agus teanga. Ba léachtóir le Socheolaíocht é in Ollscoil McGill, agus Ollamh le Socheolaíocht i gColáiste Vanier, Montréal, áit a raibh sé, ar feadh i bhfad, ina cheann ar ranna na nEolaíochtaí Sóisialta agus na Modheolaíochta Taighde Shóisialta i ndiaidh a chéile. Ba Chomhalta Taighde é sa Choláiste Ollscoile, BÁC, agus mhúin sé cúrsaí iarchéime sa tsocheolaíocht teanga ansin agus in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus seimineáir iarchéime faoi chúrsaí teanga san Aontas Eorpach in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe. Bhí sé ina ionadaí d'Éirinn ar an gClár Suirbhéireachta Sóisialta Idirnáisiúnta, agus ba bhall é den fhoireann idirnáisiúnta a d'fhorbair an modúl agus an ceistneoir faoi Fhéiniúlacht Náisiúnta. D'imir sé ról lárnach san fheachtas chun stádas a bhaint amach don Ghaeilge mar theanga oifigiúil agus mar theanga oibre d'institiúidí an Aontais Eorpaigh. Is é *Pobal na Gaeilge: Daonra, Institiúidí, Stádas, agus Cumhacht* an leabhar is déanaí uaidh (Cló na nGael, 2022).



An tOllamh Sinsearach agus Cathaoir na Nua-Ghaeilge Regina Uí Chollatáin, Príomhoifigeach agus Déan, Coláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí COBÁC

Is í an tOllamh Sinsearach le Nua-Ghaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath í Regina Uí Chollatáin agus is í an Príomhoifigeach/ Déan ar Choláiste na nEalaíon agus na nDaonnachtaí. Athbheochan, iriseoireacht na Gaeilge agus an cultúr cló, na príomhréimsí taighde a bhfuil ábhar foilsithe aici iontu. Ceapadh í ina Cathaoirleach ar Fhoras na Gaeilge i 2021. Bronnadh comhaltachtaí Nicholas O'Donnell (Melbourne, 2019) agus Ollamh Sinsearach Cuairte ó Fhondúireacht Ollscoil Éireann Cheanada (2011-12) uirthi. Ainmníodh í ar scríbhneoirí Phortráidí 2017. Tá sí i mbun taighde ar mhná agus traidisiún scoláirtheachta na Gaeilge, agus ar mhonagraf dar teideal 'Athbheochan pobail agus teanga: Na Meáin Ghaeilge.'

Beathaisnéisí na gcainteoirí



An Dr Daithí Ó Corráin, Scoil na Staire agus na Tíreolaíochta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Tá neart foilsithe ag Daithí Ó Corráin ar Réabhlóid na hÉireann 1912-23 agus ar Chaitliceachas Éireannach. Is é an t-údar ar *Rendering to God and Caesar: the Irish churches and the two states in Ireland, 1949-73* (2006) agus ar chaibidil ar Chaitliceachas Éireannach sa *Cambridge History of Ireland* (2018) chomh maith leis an leabhar atá le teacht, i measc rudaí eile, *Oxford History of British and Irish Catholicism and Oxford Handbook of Religion in Ireland*. Is comhscríbhneoir é le Eunan O'Halpin ar *The Dead of the Irish Revolution* (2020) agus is comheagarthóir é leis an Ollamh Marian Lyons ar an tsraith chinniúnach ar stair chontae *The Irish Revolution, 1912-23*, a bhí foilsithe ag Four Courts Press. Is é an leabhar is déanaí uaidh, *Cathal Brugha: 'an indomitable spirit'* (2022), a bhí comhscríofa ag Gerard Hanley.



An tOllamh Lindsey Earner-Byrne, Scoil na Staire, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Is léachtóir í Lindsey Earner-Byrne ar Stair Inscne na hÉireann i Scoil na Staire, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá taighde agus foilsíú forleathan déanta aici ar nua-stair na hÉireann le fócas ar leith ar bhochtaineacht, leas, inscne, gnéasacht, sláinte agus grúpaí leochaileacha agus imeallaithe. Le déanaí bhí sí ina comhúdar ar aistear gínmhille stair na hÉireann leis an Ollamh Diane Urquhart ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, *The Irish Abortion Journey, 1920-2018* (Palgrave Macmillan, 2019). I measc a cuid foilseachán eile áirítear *Letters of the Catholic Poor: Poverty in Independent Ireland, 1920-1940* (2017) and *Mother and Child: Maternity and Child Welfare in Dublin, 1922-50* (2007). Bhí sí mar láithreoir agus mar comhscríbhneoir ar an gclár faisnéise *Forgotten: Widows of the Revolution* a craoladh ar RTÉ níos luaithe sa bhliain ar an 19 Bealtaine 2022



An tOllamh Paul Rouse, Scoil na Staire COBÁC

Is Ollamh é Paul Rouse i Scoil na Staire COBÁC. Tá go leor scríofa aige ar nua-stair na hÉireann, lena n-áirítear spórt, cultúr na ndaoine agus feirmeoireacht.



Daniel McConnell, Eagarthóir Polaitíochta, *Irish Examiner*

Is iriseoir é Daniel McConnell a bhfuil duaiseanna buaite aige, oibríonn sé mar chraoltóir agus eagarthóir polaitíochta leis an *Irish Examiner* agus is údar é chomh maith. Mar chéimí ó COBÁC agus DCU, cuireann sé go minic le hionaid chraolacháin lena n-áirítear RTÉ, Virgin Media, Newstalk, Today FM agus an BBC. Ba leabhar sárdhíola é a leabhar ó 2016 *Hell At The Gates*.



An tOllamh Marie Coleman, Scoil na Staire, na hAntraipeolaíochta, na Fealsúnachta agus na Polaitíochta, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Is Ollamh í Marie Coleman ar stair an fhichiú haois in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. I measc a cuid leabhar tá *County Longford and the Irish revolution, 1910-23*; *The Irish Sweep: a history of the Irish hospitals sweepstake, 1930-1987* agus *The Irish revolution, 1916-23*. Tá roinnt alt irisleabhair scríofa aici freisin ar ghnéithe de réabhlóid na hÉireann lena n-áirítear inscne, reiligiún agus taithí na seanóirí i ndiaidh na réabhlóide. Bhí sí mar chomhairleoir ar roinnt tograí a bhaineann le himeachtaí cuimhneacháin Dheich mBliana na gCuimhneachán agus déanann sí an-chuid oibre leis na meáin.



An tOllamh Diarmaid Ferriter, Scoil na Staire COBÁC

Is Ollamh Sinsearach agus Cathaoirleach ar Nua-Stair i COBÁC é Diarmaid Ferriter, agus tá neart leabhar scríofa aige, ina measc *The Transformation of Ireland 1900-2000* (2004), *Occasions of Sin: Sex and Society in Modern Ireland* (2009), *Ambiguous Republic: Ireland in the 1970s* (2012), *The Border: The Legacy of a Century of Anglo-Irish Politics* (2019) agus, an leabhar is déanaí, *Between Two Hells: The Irish Civil War* (2021). Is craoltóir raidió rialta é chomh maith le colúnaí seachtainiúil leis an *Irish Times*. In 2019, toghadh é mar bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann.

Beathaisnéisí na gcainteoirí



An tOllamh Emeritus Brigid Laffan (Institiúid na hOllscoile Eorpaigh)

B'ollamh agus stiúrthóir ardléinn í an tOllamh Brigid Laffan ag Ionad Robert Schuman, mar aon le Stiúrthóir an Chláir Rialaithe Dhomhanda agus stiúrthóir an Chláir ar Rialú agus Polaitíocht na hEorpa ag Institiúid na hOllscoile Eorpaigh (EUI), Florence go dtí go ndeachaigh sí ar scor i mí Lúnasa 2021. Roimhe sin, bhí sí ina hOllamh ar Pholaitíocht na hEorpa ag Scoil na Polaitíochta agus Caidrimh Idirnáisiúnta COBÁC, agus bhí sí mar leasuachtarán ar COBÁC chomh maith le Príomhoide ar Choláiste na hEolaíochta Daonna ó 2004 go 2011. Tá an tOllamh Laffan ag críochnú leabhair faoi láthair ar fhreagra an EU27 ar an mBreatimeacht. Bhí sí ina stiúrthóir bunaidh freisin ar Institiúid Eorpach Bhaile Átha Cliath COBÁC ó 1999 agus i mí an Mhárta 2004 toghadh í mar bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann. Bhí sí mar bhall de Bhord Fhoras Mary Robinson ar son Ceartas Aeráide, an Coimisiún Fulbright (go dtí Meán Fómhair 2013) agus bhí sí mar eolaí cuartaíochta 2013 do Ghréasán EXACT Marie Curie. I mí na Samhna 2018, bhí sí i measc na mban is mó a chuaigh i bhfeidhm ar an Eoraip ag POLITICO agus bhronn Cumann na nAlumnas Ollscoil Luimnigh an onóir is airde uirthi. I Mí Mheán Fómhair 2014, bronnadh an gradam UACES Lifetime Achievement Award ar an Ollamh Laffan. In 2012, bronnadh an gradam THESEUS uirthi, do thaighde den chead scoth ar lánpháirtiú na hEorpa. In 2010, bhronn Uachtarán Phoblacht na Fraince an gradam Ordre national du Mérite uirthi.



An Dr David McCullagh, RTE

Is staraí agus iriseoir é David McCullagh. Is láithreoir é ar an 6.1 News ar theilifís RTE faoi láthair, agus ba chomhfhreagraí polaitíochta é don stáisiún, chomh maith le láithreoir *Prime Time*. Tá PhD aige sa pholaitíocht ó COBÁC, agus is údar é ar chúig leabhar: *A Makeshift Majority: a history of the first Inter-Party Government*; *The Reluctant Taoiseach: a biography of John A. Costello*; dhá imleabhar beathaisnéise ar Éamon de Valera, *Rise* agus *Rule*; agus leabhar do pháistí, *The Great Irish Politics Book*.

Bailiúchán Oidhreacht Cultúrtha COBÁC agus Bunú an Stáit

Tá Bailiúchán Oidhreacht Cultúrtha den scoth ag Leabharlann COBÁC, ina measc Cartlanna COBÁC, Sainbhailiúcháin COBÁC agus Bailiúcháin Bhéaloidis Náisiúnta COBÁC. Tá taifid ar stair, ar chultúr agus ar shochaí na hÉireann thar a bheith luachmhar sna stórtha seo. Laistigh de na bailiúcháin seo tá glórtha na ndaoine polaitiúla, breithiúnacha, sóisialta agus cultúrtha ba shuntasáí a mhúnlaigh Éire neamhspleách.

Tá taifid scannánaíochta agus fuaime, lámhscríbhinní agus ábhair chlóite neamhchoitianta ar fáil sa Bhailiúchán Béaloidis Náisiúnta a chuireann litríocht bhéil, teanga agus léiriú ealaíonta na hÉireann in iúl. Mar aitheantas ar a “tábhacht dhomhanda agus a luach uilíoch don chultúr”, inscríobhadh an bailiúchán bunúsach ar Chlár Chuimhne an Domhain EOCNA in 2017.

Tá bailiúcháin uathúla leabhar, cartlainne agus lámhscríbhinní i Sainbhailiúcháin COBÁC, a chlúdaíonn ceithre chéad bliain de stair agus de chultúr na hÉireann, a chuimsíonn teanga agus béaloideas, ceol, ginealas agus stair pholaitiúil. Tá páipéir agus litreacha scríbhneoirí Éireannacha iomráiteacha mar chuid de Shainbhailiúcháin COBÁC, ar nós James Joyce, Patrick Kavanagh, Maeve Binchy agus Edna O'Brien.

Is iad Cartlanna COBÁC coimeádaithe chartlann na hollscoile agus na n-institiúidí a bhí ann roimh a bunú. Tá cuid de na bailiúcháin is tábhachtaí de pháipéir phríobháideacha agus phearsanta a bhaineann le stair an stáit bailithe ag Cartlanna COBÁC ó bunaíodh é, lena n-áirítear páipéir Hugh Kennedy, Sighle Humphreys, Mary, Muriel, agus Terence MacSwiney, Kevin O'Higgins, Éamon de Valera, Richard Mulcahy, Eoin MacNeill, Desmond agus Mabel FitzGerald, Eithne Coyle O'Donnell, agus Ernie O'Malley.

Beidh taispeántas coimeádta d'ábhar ó Chartlann COBÁC a dhéanfaidh iniúchadh ar bhunús agus ar riar Shaorstát na hÉireann ag baint úsáide as doiciméid óna bhailiúcháin ar taispeánt i Halla Uí Raghallaigh Dé hAoine 2 Nollaig. Clúdaíonn na painéil taispeántais agus na cásanna taispeántais i Halla Uí Raghallaigh agus na cásanna i bhforhalla Chartlann COBÁC príomhábhair na comhdhála: trí bhrainse an Stáit agus an struchtúr sibhialta a bhunú; foirmiú stát agus téarnamh iarchogaidh; teanga, cultúr agus an tsochaí; an domhain ó 1922 go 1937; agus inscne, cumhacht agus an stát.

Tá fáilte roimh fhreastalaithe na comhdhála seo cuairt a thabhairt ar thaispeántas Shainbhailiúcháin COBÁC dar teideal *Revolutionary Dublin's Literary Networks: Tá C.P. Curran, Helen Laird, and James Joyce's Ulysses* ar leibhéal 1 de Leabharlann James Joyce COBÁC.

Tá Cartlanna COBÁC oscailte don phobal trí choinne a dhéanamh agus is féidir catalóga fhorghór a mbailiúchán a fheiceáil ar líne; déan an cód MF thíos a scanadh chun a mbailiúchán Taisce Chartlainne COBÁC a fheiceáil.



Eagraíocht na Comhdhála

Cathaoirleach: An tOllamh Orla Feely
Stiúrthóir Cumarsáide: Eilís O'Brien
Bainisteoir Tionscadail: Jenny Costello
Ceannasaí acadúil: An Dr Conor Mulvagh

Comhaltaí Coiste

An Dr Conor Mulvagh
An tOllamh David Farrell
An tOllamh Diarmaid Ferriter
Donal Byrne
Eilís O'Brien
An tOllamh Eugenio Biagini
An Breitheamh Justice Gerard Hogan
Jenny Costello
An tOllamh Margaret O'Callaghan
An tOllamh Mary E. Daly
An Dr Mary McAuliffe
An Dr Maurice Manning
An tOllamh Michelle Norris
An tOllamh Orla Feely
Orlaith Lochrin
An tOllamh Regina Uí Chollatáin
An tOllamh Robert Gerwarth
An Dr Sandra Collins
Sinéad Copeland
An Dr Thomas Mohr

Ateangaireacht Ghaeilge

Ailín Ó Súilleabháin
Seán Ó Tuathaláin

Ateangaireacht Chomharthaíochta

Margaret Woulfe
Orla MacCabe
Pauline McMahon
Darren Daly

